Roinn an Taoisigh

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Roinn an Taoisigh

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Teachtaireacht ón Taoiseach

Seo í an dara tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn atá déanta i dtaca leis na tosaíochtaí a leagadh amach go hachomair i nDoiciméad Straitéise 2011-2014 ó mo Roinn. I gcaitheamh 2012, lean mo Roinn de bheith ag obair le Ranna agus comhlachtaí eile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíochta nach bhfacthas a leithéid cheana, chun beartas an Rialtais a chur i bhfeidhm agus chun fíorathrú agus seirbhísí níos fearr a sheachadadh don phobal.

Áirítear na nithe seo a leanas ar an méid atá bainte amach le haghaidh 2012:

- Struchtúir Fhorfheidhmiúcháin an-tábhachtach a shuíomh chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht tríd an bPlean Gnímh le haghaidh Poist agus Bealaí chun na hOibre
- An t-easnamh atá ar bhuiséad na hÉireann agus an t-ualach fiachais a laghdú
- Foilsiú na chéad Tuarascála ina leagtar amach an dul chun cinn i dtaca le Clár an Rialtais a chur i ngníomh.
- Comhráiteas a comhaontaíodh maidir le caidreamh idir an Bhreatain agus Éire a fhorbairt.
- Coiste Comh-Aireachta tiomnaithe a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhreagairt an Rialtais i dtaca le cuidiú le teaghlaigh atá faoi Riaráistí Morgáiste.
- Coinbhinsiún Bunreachtúil a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar réimse ceisteanna bunreachtúla agus tuarascáil a thabhairt orthu.
- Reifrinn a rith ar Chobhsaíocht Fhioscach na hEorpa agus ar Chearta Leanaí
- Ullmhúcháin le haghaidh Uachtaránacht an AE, lena n-áirítear láithreán gréasáin tiomnaithe nua

- Clár leathan rannpháirtíochtaí idirnáisiúnta ba chúis le cáil idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú tuilleadh

Is mór an cuidiú dom féin agus don Rialtas i gcónaí an tacaíocht an-mhór a thugann an fhoireann sa Roinn i dtaca leis an bplean comhaontaithe le haghaidh théarnamh eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann a chur i ngníomh. Tá ag éirí leis an bplean.

Éanna Ó Coinnigh T.D.
Taoiseach

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil 2012 do Roinn an Taoisigh a chur i láthair.

Ag leanúint as athstruchtúrú na Roinne, ba é an príomhfhócas in 2012 na tosaíochtaí ba thábhachtaí sa Chlár Rialtais a sheachadadh, go háirithe trí struchtúir na Comhairle Bainistíochta Eacnamaíochta agus an Choiste Comh-Aireachta.

Áiríodh ar na mórfhorbairtí eile an reifreann ar an Conradh um Chobhsaíocht Fhioscach, bunú an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil, agus na hullmhúcháin le haghaidh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2013.

Le linn 2012 ghlac an Roinn Straitéis Acmhainní Daonna nua lena chinntiú go mbeidh sé ar a cumas cabhrú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas na cuspóirí tosaíochta atá acu a sheachadadh. Rinne an Roinn a hacmhainn bheartais a fheabhsú trí chomhaltaí foirne a bhfuil na scileanna riachtanacha acu a fháil ar iasacht. Thairis sin, earcaíodh comhaltaí foirne sealadacha chun freastal ar na héilimh a ghabhann le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Rinne an Roinn dul chun cinn ar roinnt tionscnamh in 2012 a bhí ceaptha an trédhearcacht a fheabhsú agus muinín a chothú. Orthu sin áiríodh seimineár a reáchtáil le geallsealbhóirí seachtracha chun scrúdú a dhéanamh ar ról na Roinne agus cur chuige réamhghníomhach a thionscnamh i leith ghnáthfhoilsiú na faisnéise a bhaineann le hobair na Roinne.

Gabhaim buíochas le foireann na Roinne as an dóigh ina ndearna siad bainistíocht ar athrú suntasach, ar ualaigh oibre mhéadaithe agus ar dhúshláin ollmhóra le linn 2012, le linn dóibh leanúint go díograiseach agus go gairmiúil de thacaíocht a thabhairt don Taoiseach agus don Rialtas.

Martin Fraser

Ard-Rúnaí

Misean

Is é ár gcuspóir tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas chun réiteach a fháil ar an ngéarchéim eacnamaíochta reatha, an Clár don Rialtas a chur i bhfeidhm agus sochaí níos cothroime agus todhchaí níos fearr d'Éire agus dá saoránaigh a chruthú.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2012-2014

1. POIST AGUS BORRADG
Dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíochta le fócas ar leith ar phoist agus ar bhorradh

2. AN EORAIP
A chinntiú go mbeidh ról iomlán agus éifeachtach ag Éire i ngach réimse d'Aontas na hEorpa

3. CLÁR RIALTAIS
Maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán an Chláir Rialtais

4. SEIRBHÍS
Seirbhísí tacaíochta den scoth a chur ar fáil don Taoiseach agus don Rialtas.

5. MUINÍN
Tacaíocht a thabhairt chun muinín in institiúidí an Stáit agus i gclú na hÉireann sa bhaile agus thar lear a athchóiriú agus a athbhunú, lena léiriú go bhfuil ceachtanna foghlamtha ón am atá caite

6. ATHCHÓIRIÚ
An tseirbhís phoiblí a athnuachan agus a athchóiriú

7. COTHROIME
Tacaíocht a thabhairt lena chinntiú go dtacóidh beartais agus seirbhísí Rialtais le sochaí a bheidh cothrom agus uilechuimsitheach go sóisialta

8. SÍOCHÁIN
Tacaíocht a thabhairt chun síocháin a choinneáil agus caidrimh ar oileán na hÉireann agus caidrimh idir Sasana agus Éire a fheabhsú

Príomhfheidhmeanna 2012

- príomhfheidhmeanna an Taoisigh agus an Rialtais
- Rúnaíocht an Rialtais
- Oifig Phríobháideach an Taoisigh agus oifigí Phríomh-Aoire an Rialtais agus an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha
- Oifig an Tánaiste
- Preasoifig an Rialtais
- tacaíodh leis an Taoiseach agus é i mbun a chuid dualgas mar Cheann an Rialtais ó thaobh an Oireachtais, Saincheisteanna Bunreachta, Prótacail, na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann, na Comhairle Eorpaí agus tiomantas eile idirnáisiúnta agus AE
- glacadh páirt i gcur le chéile agus i gcur i bhfeidhm beartas rialtais, go príomha trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta lena n-áirítear an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta, Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus an Clár nua d'Oifig an Rialtais
- cuireadh faisnéis agus comhairle ar fáil don Taoiseach ar raon iomlán saincheisteanna maidir le beartas baile agus gnóthaí idirnáisiúnta
- tacaíodh leis an Taoiseach agus leis an Rialtas ó thaobh beartas AE a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasanna beartas AE a chomhordú ar fud an Rialtais ar fad
- rinneadh ról comhordaithe maidir leis an Tionscal Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta in Éirinn a fhorbairt
- rinneadh seirbhísí tacaíochtaí a sheachadadh tríd an Rannán Gnóthaí Corparáideacha (Acmhainní Daonna, Airgeadas, IT agus seirbhísí eile)

Staitisticí an-tábhachtach do 2012

- Scaipeadh 1018 Meamram don Rialtas
- Tacaíodh le 50 Cruinniú Rialtais
- Tacaíodh le 91 chruinniú Coiste Comh-Aireachta
- Próiseáladh 23,080 ítim de chuid chomhfhreagras an Taoisigh
- Freagraíodh 592 Cheist Pharlaiminteach ó Bhéal
- Freagraíodh 408 gCeist Pharlaiminteach scríofa
- Rinneadh ullmhúcháin le haghaidh 170 cruinniú a thionólfar in Éirinn le linn na hUachtaránachta ar an Aontas Eorpach
- Rinneadh tuairisc ar 43% de ghealltanais an Chláir Rialtais
- Seachadadh 92% de na bearta i bPlean Gnímh 2012 ar phoist
- Déileáladh le 153 iarraidh i dtaca le Saoráil Faisnéise
- Ullmhaíodh 38 sceideal seachtainiúil le haghaidh 123 seisiún iomlánach de Dháil Éireann.
- Cuireadh 4 athbhreithniú Triúrachta i gcrích go rathúil – comhlíonadh 190 gealltanas
- Íocadh 1,800 sonrasc, luach €7 milliún san iomlán
- 264 rannpháirtíocht phoiblí déanta ag an Taoiseach
- 259 n-aitheasc scríofa
- Cuireadh 46 chúirt Sathairn ar Thithe an Rialtais ar fáil don phobal
- Aistríodh 1,117 gcomhad tríocha bliain d'aois chuig an gCartlann Náisiúnta.

Garspriocanna

Léiríonn na garspriocanna seo a leanas roinnt de na forbairtí le linn 2012, nuair a rinne Roinn an Taoisigh a cion, go hiondúil agus í ag obair le Ranna eile, i dtaca le beartas Rialtais mar atá leagtha amach sa Chlár Rialtais a sheachadadh . Is é cion na Roinne cuidiú le gníomh a mhonatóireacht agus a stiúradh nuair is gá, i ndáil le tosaíochtaí náisiúnta an-tábhachtach, go minic trí struchtúr Choistí na Comh-Aireachta. Lean cuid mór de na garspriocanna sin as buaic na comhoibre sin feadh an Rialtais.

Ráithe1

- Seoladh Plean Gnímh le haghaidh Poist 2012 chun an geilleagar a atógáil agus poist a chruthú
- Foilsíodh an plean le haghaidh Bealaí Nua chun na hOibre chun ollchóiriú a dhéanamh ar an dóigh ina dtacaíonn an Stát le cuardaitheoirí poist
- Cuireadh an 5ú Athbhreithniú ar Chlár an AE/CAI i gcrích go rathúil – baineadh gach aon sprioc amach
- Seoladh Clár na Réalta Goirme chun scoileanna a chur ar an eolas faoin Aontas Eorpach.
- Comhráiteas ón Taoiseach agus ó Phríomh-Aire Cameron lenar atreisíodh an caidreamh idir an Bhreatain agus Éire
- An chuairt stairiúil ar Éirinn ag Leas-Uachtarán Xi Jinping na Síne
- An misean rathúil trádála ar an tSín faoi cheannas an Taoisigh, lenar neartaíodh ár gcaidreamh eacnamaíoch
- Bunaíodh Coiste Comh-Aireachta ar Riaráistí Morgáiste
- An Clár Rialtais: An 1ú Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul chun Cinn a Fhoilsiú
- 2014 Ráiteas Straitéise Roinn an Taoisigh 2011-2014 a Fhoilsiú
- Bunaíodh an Coiste Idir-Rannach ar Rannpháirtíocht na hEorpa, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit Lucinda Ní Chríodáin

Ráithe 2

- Ritheadh an Reifreann ar Chobhsaíocht Fhioscach, rud a chuidigh le muinín a athchothú trí rochtain na hÉireann ar chúlstop an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh a ráthú.
- Foilsíodh an Chéad Tuarascáil ar Dhul chun Cinn den Phlean Gnímh le haghaidh Poist agus seachadadh 96% de na bearta
- Foilsiú Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne 2012-2014
- Seimineár ar Pheirspictíochtaí *ar Ról Roinne Príomh-Aire*
- Reáchtáladh sraith imeachtaí ar feadh seachtaine chun Lá na hEorpa a chomóradh
- Athchóirithe breise ar chóras Coistí an Oireachtais
- Críochnaíodh go rathúil an 6ú Athbhreithniú ar Chlár an AE/CAI – baineadh gach aon sprioc amach

Ráithe 3

- Achtaíodh reachtaíocht chun rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht a mhéadú agus chun tabhartais chorparáideacha agus pholaitiúla a shrianadh
- Bunaíodh Coinbhinsiún Bunreachtúil chun breithniú a dhéanamh ar réimse athchóirithe bunreachtúla
- Craoladh pacáiste spreagthach €2.25 billiún lenar cuireadh infheistiú ar fáil i dtionscadail infreastruchtúir phoiblí agus neart post ag gabháil leo.
- Cuireadh i gcrích go rathúil an 7ú Athbhreithniú ar Chlár an AE/CAI – baineadh gach aon sprioc amach
- Foilsíodh an Dara Tuarascáil ar Dhul chun Cinn den Phlean Gnímh le haghaidh Poist, agus seachadadh 93% de na bearta
- Leagann an Rialtas sprioc níos uaillmhianaí amach chun an líon daoine sa tseirbhís phoiblí a laghdú
- Rinneadh tuilleadh laghduithe ar chostas iompair agus taistil na n-airí
- Córas nua achainíocha poiblí an Oireachtais á oibriú

Ráithe 4

- Buiséad 2013 a fhoilsiú agus baineann Éire an sprioc easnaimh buiséid (7.6%) do 2012 (8.6%) amach gan aon stró.
- Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach a fhoilsiú
- Foilsiú *Tacú le Téarnamh Eacnamaíoch agus Poist* – an straitéis rialtais áitiúil nua don fhiontraíocht agus do phoist
- Seoladh Intreo – an tseirbhís nua ionaid ilfhreastail fostaíochta agus tacaíochta
- Bunaíodh Fóram Parlaiminteach Thuaidh-Theas d'fhonn cur leis an tsíocháin agus leis an gcomhoibriú
- Foilsíodh Straitéis an Chuir i bhFeidhm d'Athchóiriú na hEarnála Uisce
- Rinneadh an tAthrú Digiteach ar an Teilifís go rathúil agus gnóthaíodh €450 milliún ón cheant don speictream
- Foilsíodh an Tríú Tuarascáil ar Dhul chun Cinn den Phlean Gnímh le haghaidh Poist, agus seachadadh 87% de na bearta
- Ceadaíodh Reifreann na Leanaí, lenar neartaíodh cearta leanaí
- Foilsíodh an léarscáil bhóthair *Sláinte sa Todhchaí*, lenar leagadh amach athchóirithe i dtreo Árachas Sláinte Uilíoch
- Cuireadh an 8ú Athbhreithniú ar Chlár an AE/CAI i gcrích go rathúil – agus baineadh gach aon sprioc amach
- Roghnaíodh láithreán Ospidéal San Séam le haghaidh Ospidéal Náisiúnta na Leanaí

  Cheadaigh an Rialtas reachtaíocht a dhréachtadh chun foráil a dhéanamh maidir le Fiosrúcháin Oireachtais
- Reachtaíocht achtaithe chun bonn reachtúil a chur faoi Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, ar dhóigh lenar ráthaíodh a neamhspleáchas
- Reachtaíocht Dócmhainneachta Pearsanta achtaithe, ar dhóigh lenar ollchóiríodh dlí féimheachta na hÉireann chun cuidiú le daoine atá faoi anacair morgáiste
- Seoladh www.eu2013.ie chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh maidir le hUachtaránacht na hÉireann
- Achtaíodh an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), chun a chumasú go gcuirfí tús leis an chain ó Mhí Iúil 2013
- Foilsíodh Creat Náisiúnta an Oiriúnaithe don Athrú Aeráide
- Searmanas chun tús Sheachtú Uachtaránacht AE na hÉireann a chomóradh

Coistí Comh-Aireachta

Tá an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta agus na Coistí Comh-Aireachta (a chruinnigh le chéile 90 uair in 2012) lárnach i leith obair Roinn an Taoisigh i dtaca le Beartas Rialtais agus comhoibriú trasrannach éifeachtach a chur i ngníomh:

- déanann an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta maoirseacht ar chur chuige an Rialtais i dtaca le nithe a bhaineann le pleanáil eacnamaíoch agus nithe buiséadacha, caibidlí le triúracht an AE/BCE/CAI agus beartas baincéireachta.

- tá an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíochta agus Poist dírithe go príomha ar an bPlean Gnímh ar Phoist agus ar bheartais eile chun tacú le poist a chruthú agus ar gníomhaíocht eacnamaíochta a athbhunú.

- féachann an Coiste Comh-Aireachta um Infreastruchtúr Eacnamaíochta le hinfheistíocht tháirgiúil a uasmhéadú ar fud an gheilleagair, go háirithe trí thionscnamh na Ré Nua.

- Tá an Coiste Comh-Aireachta um Ghnóthaí Eorpacha ag cinntiú go bhfuil cur chuige comheagraithe náisiúnta ann i leith gnóthaí AE agus tá ról tábhachtach aige i ndáil le hUachtaránacht na hÉireann in 2013

- tá an Coiste Comh-Aireachta um Shláinte dírithe go príomha ar spriocanna uaillmhianacha an Rialtais a forbairt agus a sheachadadh le haghaidh athchóiriú sláinte agus bainistiú caiteachais sláinte

- tá an Coiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste ag comheagrú freagairt an Rialtais chun cuidiú le teaghlaigh atá faoi riaráistí morgáiste

- tá an Coiste Comh-Aireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phlean athchóirithe cuimsitheach an Rialtais

Coistí Comh-Aireachta

- tá an Coiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta ag féachaint lena chinntiú go seachadfar na hathchóirithe agus na coigeartuithe fioscacha is gá ach an tionchar orthu siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí a íoslaghdú

- déileálann an Coiste Comh-Aireachta um Athrú Aeráide agus an nGeilleagar Glas le straitéisí chun fóirithint ar ár gcuid spriocanna astaithe gás ceaptha teasa, spriocanna atá an-ghéar, chomh maith leis na deiseanna a bheidh ann d'Éirinn san fhiontraíocht ghlas

- féachann an Coiste Comh-Aireachta um an nGaeilge agus an Ghaeltacht leis an nGaeilge a chur chun cinn agus le tacú le pobail Ghaeltachta agus le teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge.

- bunaíodh an Coiste Comh-Aireachta um an Reifreann ar Chearta Leanaí in 2012 chun tacú le seoladh an reifrinn agus tá a chuid oibre curtha i gcrích aige.

Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach

Bhí tionchar tábhachtach ag na hullmhúcháin le haghaidh Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach ar obair na Roinne le linn 2012. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le Buan-Ionadaíocht na hÉireann chun an AE sa Bhruiséil d'fhonn na hullmhúcháin bheartais a chomheagrú agus ar mhionphleanáil an chláir lena dtugtar tosaíocht do na bearta sin is mó a chuideoidh le cobhsaíocht, poist agus fás.

Tá Roinn an Taoisigh freagrach freisin as Straitéis Chumarsáide na hUachtaránachta lena n-áirítear a láithreán gréasáin, a cumarsáidí poiblí agus as óstseirbhísí craolacháin agus fótagrafaíochta a sholáthar do chruinnithe ardleibhéil.

Tháinig ann do láithreán na hUachtaránachta (www.eu2013.ie) mar láithreán beo in 2012 agus faisnéis á soláthar aige ar aidhmeanna agus cuspóirí na hUachtaránachta chomh maith le mionsonraí chlár na hUachtaránachta agus gné-ailt fhorleathana ar an turasóireacht, ar an gcultúr agus ar gheilleagar na hÉireann. Tá seirbhís chreidiúnúcháin, faisnéise agus chóiríochta le fáil ar an láithreán freisin do thoscairí agus do lucht na meán a bheidh ag freastal ar ócáidí in Éirinn.

D'fhonn Clár na hUachtaránachta a bhainistiú agus a sheachadadh, méadaíodh acmhainní foirne Roinn an Taoisigh ar bhonn sealadach trí earcaíocht dhíreach agus trí bhaill foirne a fháil ar iasacht as Éirinn agus ó Bhallstáit eile.

Cuairteanna agus Ócáidí

In 2012, d'eagraigh an Roinn roinnt cuairteanna agus ócáidí Stáit nó chuidigh sí lena n-eagrú:

- Cuairteanna Oifigiúla isteach sa tír ag Leas-Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne; Uachtarán Phoblacht na hEastóine; Príomh-Aire na Slóivéine; Uachtarán Chónaidhm na hEilvéise; agus Príomh-Aire Mhálta
- Comóradh Chothrom 96 bliana Éirí Amach na Cásca
- Searmanas an Lae Náisiúnta Cuimhneacháin
- Fáiltiú Stáit ar ócáid na Comhdhála Eocairistí Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath
- Fáiltithe Abhaile d'Fhoireann Oilimpeach na hÉireann agus d'Fhoireann Pharailimpeach na hÉireann
- Óstáil Chruinniú Mullaigh na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip in 2012
- Searmanas ardaithe na mBratacha i gCaisleán Bhaile Átha Cliath chun Uachtaránacht na hÉireann ar an AE a mharcáil (31 Nollaig 2012)

Tosaíocht Straitéiseach 1
Poist agus Borradh

Thacaigh an Roinn leis an gComhairle Bainistíochta Eacnamaíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar Chlár an Rialtais i leith pleanáil eacnamaíochta agus nithe buiséadacha, i leith an chláir téarnaimh eacnamaíochta agus comheagrú beartais baincéireachta. Mar chuid de sin, rinne an Roinn a cion maidir le hullmhú Bhuiséad 2013 agus leagan amach deiridh an phacáiste €2.25 billiún d'infheistíocht i dtionscadail infreastruchtúir phoiblí a ngabhann an-chuid post leo.

Rinne an Roinn comhchathaoirleacht freisin ar an nGrúpa Faireacháin don Phlean Gnímh ar Phoist agus aird á coinneáil ar phoist a chruthú feadh réimse uile an Rialtais. Seachadadh 92% de na bearta as an bPlean Gnímh le haghaidh Poist 2012, lena n-áirítear athchóirithe tábhachtacha chun an t-iomaíochas a fheabhsú, rochtain ar airgeadas a fheabhsú, chun tacú le cuideachtaí dúchasacha agus an fhiontraíocht agus tosuithe nua a spreagadh.

Cé go bhfuil an dífhostaíocht ard i gcónaí, rud nach bhfuil glacadh leis, bhí roinnt comharthaí dearfa ann in 2012 agus méadú ag teacht ar leibhéil fhostaíochta den chéad uair le ceithre bliana agus 1,000 post ar an meán á gcruthú ag an earnáil phríobháideach. In 2012, baineadh an leibhéal is airde le deich mbliana amach i gcruthú post nua as infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch agus 12,722 post nua á gcruthú, agus thuairisc cuideachtaí a onnmhairíonn a gcuid earraí go raibh an leibhéal is airde maidir le gnóthú post acu ó 2006 i leith.

Bunaíodh fochoiste nua den Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíochta agus Poist chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhachtú an mhargaidh saothair, rud a chuidigh le straitéis na mBealaí chun na hOibre a sheachadadh mar fhreagairt beartais agus é dírithe ar chomhpháirteachas níos rialta agus níos leanúnaí le daoine atá dífhostaithe.

Rinne an Coiste Comh-Aireachta um Infreastruchtúr Eacnamaíochta ceisteanna a bhaineann le straitéis infheistíochta a chur chun cinn, amhail leathanbhanda agus bainistíocht uisce, chun tacú le cruthú post agus infheistíocht tháirgiúil sa gheilleagar.

Phleanáil an Roinn rannpháirtíocht an Taoisigh i roinnt cuairteanna a bhain le poist agus le trádáil go dtí na Stáit Aontaithe, an tSín agus an Fóram Eacnamaíochta Domhanda i nDavos, chomh maith leis an gcuairt ar Éirinn ag Leas-Uachtarán na Síne, Xi Jinping, agus thacaigh sí leo. D'eascair sé as cuairt an Taoisigh chun na Síne ina dhiaidh sin gur cuireadh Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéiseach i gcrích lenar socraíodh comhar comhthairbhiúil idir Éire agus an tSín i roinnt réimsí tábhachtacha trádála agus infheistíochta.

Tosaíocht Straitéiseach 2
An Eoraip

Thacaigh an Roinn leis an Taoiseach agus leis an Rialtas le linn 2012 chun stádas na hÉireann a athbhunú mar chomhalta measúil den Aontas Eoraip a bhfuil tionchar aici trí rannpháirtíocht dhéthaobhach agus trí chomhghuaillíochtaí a chruthú. Cuireann an Coiste tiomnaithe Comh-Aireachta um Ghnóthaí AE taca faoin obair seo trí bhonn a sholáthar le haghaidh comheagrú, comhleanúnachas agus treorú straitéiseach níos láidre i dtaca le comhpháirteachas na hÉireann leis an AE feadh réimse iomlán an rialtais.

Go luath in 2012 ghlac an Roinn ról ceannasach i dtaca le feachtas faisnéise poiblí an Rialtais a eagrú i leith reifreann an Chonartha Cobhsaíochta, a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2012. Áiríodh sa mhéid sin feachtas ar-líne cuimsitheach a bhainistiú, lena n-áirítear láithreán gréasáin a bhí tiomnaithe d'fhaisnéis faoin gConradh, úsáid na meán sóisialta agus eolaí faoin gConradh a scaipeadh ar gach aon teaghlach sa Stát.

Chomh maith lena cuid oibre ar Uachtaránacht an AE, tacaíonn Roinn an Taoisigh le réimse leathan gníomhaíochtaí chun eolas níos fearr a thabhairt don phobal faoin AE agus faoin dóigh ina bhfearann sé ar Éirinn. In 2012, thacaigh Tionscnamh an Rialtais chun an Eoraip a Chur in Iúl le 23 thionscadal ar fud na hÉireann, chun cuidiú le feasacht an phobail a dhoimhniú faoin ról atá ag an Aontas Eorpach inár saol ó lá go lá.

Ag leanúint as an gcéim phíolótach rathúil de chlár na Réalta Goirme anuraidh, tá clár 2012-2013 faoi lánseol agus breis agus 90 scoil rannpháirteach ann i 21 chontae.

Tosaíocht Straitéiseach 3
Clár Rialtais

Lean Oifig an Chláir Rialtais de bheith gafa le gach aon Roinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar na gealltanais atá sa chlár agus buaicphointe aige le foilsiú na chéad Tuarascála Bliantúla ar dhul chun cinn i mí an Mhárta 2012, ina raibh tuairisc ar 43% de na gealltanais a bhí sa chlár.

Thacaigh an Oifig freisin leis an Taoiseach agus é rannpháirteach le hAirí ag cruinnithe déthaobhacha agus cruinnithe Coiste Comh-Aireachta chun an dul chun cinn ar an gClár Rialtais a chur ar aghaidh. I Ráitis Straitéiseacha Rannacha a foilsíodh in 2012 leagadh amach tosaíochtaí go dtí deireadh 2014 ina bhfuil na gealltanais atá sa Chlár Rialtais á léiriú go hiomlán.

Rinneadh dul chun cinn suntasach breise freisin maidir le gealltanais an Chláir Rialtais a chur i ngníomh i gcásanna ina bhfuil freagracht dhíreach ar an Roinn. Mar shampla, tosaíodh ar an obair in 2012 ar an dara sraith athchóirithe Dála a bheidh le tabhairt isteach go luath. De bhreis ar athruithe eile ar chóras na gCoistí Oireachtais a tugadh isteach in 2012, tá córas nua achainíocha bunaithe chun a chumasú do dhaoine den phobal nithe is ábhar buartha dóibh faoi bheartas poiblí a chur go díreach faoi bhráid Coiste Oireachtais.

Bunaíodh Coinbhinsiún Bunreachtúil in 2012, ar rud é a bhí geallta i gClár Rialtais agus breithneoidh sé agus tabharfaidh sé tuarascáil ar réimse ceisteanna lena n-áirítear leasú toghchánach, pósadh comhghnéis agus ról na mban sa saol poiblí.

Tosaíocht Straitéiseach 4
Seirbhísí

Le linn 2012, sholáthair an Roinn réimse leathan seirbhísí taca don Taoiseach, don Rialtas agus do dhaoine den phobal, chomh maith le seirbhísí taca inmheánacha. Ar áireamh sa mhéid sin bhí obair shuntasach a bhain le mionteagaisc, óráidí, Ceisteanna Parlaiminte, iarrataí Saorála Faisnéise agus freagairtí ar uiríll ón bpobal.

Leanadh in 2012 de Phlean Gnímh na Roinne a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar an gClár Athbhreithnithe Eagrúcháin agus bearta ann chun cumarsáidí ceannaireachta agus inmheánacha a fheabhsú. Áiríodh sa mhéid sin cruinnithe foirne ginearálta ráithiúla, cruinnithe rialta den Choiste Comhairleach Bainistíochta le Príomh-Oifigigh, clár forbartha ceannaireachta don bhainisteoireacht shinsearach, ócáidí 'lóin agus foghlama' agus cláir ghrádbhunaithe nua oiliúna agus forbartha scileanna.

I mBealtaine 2012 d'fhoilsigh an Roinn Straitéis Acmhainní Daonna chun a chinntiú go leanfaidh sí de bheith sa riocht go bhféadfaidh sí tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas. Tá suirbhé scileanna agus cáilíochtaí ar an bhfoireann curtha i gcrích ag an Roinn. Feabhsaíodh acmhainn bheartais na Roinne freisin trí bhaill foirne a raibh scileanna a bhain le hábhar acu a fháil ar iasacht ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach agus ó Fhorfás, chomh maith le roinnt ball foirne a earcú mar chuid den tSeirbhís Eacnamaíoch agus Luachála nua de chuid an Rialtais. D'fhostaigh an Roinn ceathrar intéirneach le linn 2012 faoi Thionscnamh Dhroichead na bPost.

Tosaíodh i mbun oibre in 2012 ar thionscadal seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide i bpáirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Féachtar leis sin le sineirgí suntasacha a sheachadadh chomh maith le luach ar airgead, uasghrádú ar sheirbhísí agus le bonn scileanna na foirne Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide sa dá Roinn a fhorbairt.

Mar ullmhú le haghaidh Uachtaránacht an AE, tugadh faoi obair shuntasach in 2012 chun lasclíonra agus córas teileafóin Teicneolaíochta Seirbhíse uile na Roinne a athsholáthar agus saoráidí físchomhdhála leathnaithe atá bunaithe ar Phrótacal Idirlín a shuiteáil i dTithe an Rialtais. Rinneadh na saoráidí nua

físchomhdhála a chomhtháthú leis an infreastruchtúr atá ann cheana féin san Oireachtas faoi chomhshocrú seirbhísí i bpáirt le chéile, rud a laghdaigh costais go mór.

Tosaíocht Straitéiseach 5
Muinín

Mar Cheann an Rialtais, tá ról an-tábhachtach ag an Taoiseach i dtaca le cáil idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú agus a thógáil. Thacaigh an Roinn leis in 2012 trí chlár straitéiseach rannpháirtíochta idirnáisiúnta a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. D'fhéach an Roinn chuige freisin go mbeadh comhleanúnachas ann sa chur chuige i leith cur leis an gcáil agus i leith bainistíochta feadh an Rialtais agus a chuid Gníomhaireachtaí. Áiríodh sa mhéid sin tacaíocht a thabhairt do Mheitheal Oibre Cumarsáide Idirnáisiúnta Straitéisí.

Tar éis Ráiteas Straitéise na Roinne a fhoilsiú, reáchtáil an Roinn seimineár i mí na Bealtaine 2012 dar teideal *Peirspictíochaí ar Ról Roinne Príomh-Aire* inar breithníodh an dóigh ab fhearr ina bhféadfadh an Roinn feidhmiú mar 'lár straitéiseach' lena gcinnteofaí go ndéanfaí tosaíochtaí an Rialtais a sheachadadh agus go bhfeabhsófaí a rannpháirtíocht le geallsealbhóirí seachtracha.

In 2012, tionscnaíodh clár bearta chun an trédhearcacht a chur chun cinn trí fhaisnéis a fhoilsiú go rialta ar bhonn ráithiúil. Áirítear ar an bhfaisnéis a foilsíodh ar láithreán gréasáin na Roinne go dtí seo sonraí faoi chaiteachais taistil ar an gcoigríoch i leith an Taoisigh agus Airí Stáit sa Roinn, dialann an Ard-Rúnaí, mionsonraí faoi orduithe ceannaigh de bhreis ar €20,000, miontuairiscí Ghrúpa Theach Imréitigh Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, miontuairiscí Choiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne agus loga iarrataí Saorála Faisnéise. Thairis sin in 2012, rinneadh faisnéis i ndáil le dialann an Taoisigh agus gach aon íocaíocht a rinne an Roinn a chur isteach san fhearann phoiblí faoi Shaoráil Faisnéise.

Thacaigh an Roinn freisin le réimse athchóirithe arna dtreorú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus rinne sí a cion ina leith, d'fhonn cuidiú le muinín agus iontaoibh an phobail sa tseirbhís phoiblí a atógáil, amhail forálacha nua i ndáil le Saoráil Faisnéise, sceithirí a chosaint agus brústocaireacht a rialáil.

Tosaíocht Straitéiseach 6
Athchóiriú

Tá an Rialtas i mbun clár oibre leathanbhunaithe a leanúint le haghaidh athrú agus athchóiriú foras agus cleachtas laistigh den tseirbhís phoiblí agus den chóras polaitiúil atá á threorú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá clár athchóirithe an Rialtais á mhaoirsiú ag an gCoiste Comh-Aireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus tá an Roinn ag tacú leis.

Tacaíonn an Roinn leis an gCoiste Comh-Aireachta um Shláinte, ar coiste é a rinne, i measc tionscnamh eile, maoirsiú ar ullmhú an chreata, *Sláinte sa Todhchaí* le haghaidh athchóiriú, a d'fhoilsigh an Rialtas i mí na Samhna 2012.

Le linn 2012, bhunaigh an Roinn an Coinbhinsiún ar an mBunreacht agus reáchtáil sé a chruinniú tosaigh i mí na Nollag 2012. Thug an Roinn freisin faoi ullmhúcháin ar dhréachtreachtaíocht le haghaidh reifrinn ar dhíothú an tSeanaid de réir an Chláir Rialtais.

Maidir le feidhmíocht na Roinne féin, laghdaíodh líon na foirne sa Roinn ó 211 go dtí 199 (coibhéis lánaimseartha) ó mhí Eanáir 2009 i leith, laghdú 5.7%. Laghdófar líon na foirne de 20 eile go dtí timpeall 180 tar éis dheireadh Uachtaránacht an AE; laghdófar buiséad na Roinne freisin. Le linn 2012, chuir an Roinn roinnt athchóirithe agus athruithe i gcrích chun feidhmíocht a fheabhsú agus éifeachtúlacht a mhéadú.

Tar éis athbhreithniú a rinne an Roinn mar chuid de chlár réasúnaithe na ngníomhaireachtaí Stáit, d'aontaigh an Rialtas in 2012 an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach a choinneáil agus an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Náisiúnta agus Shóisialta (comhlacht corparáideach) a dhíscaoileadh. Moladh roinnt bearta san athbhreithniú freisin chun oibriú na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí a chuíchóiriú agus a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí breise a bhaint amach. Tháinig laghdú 11.1% i gcistiú na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí ó 2011 i leith, rud a chuir leis na laghduithe sna blianta roimhe sin.

Tosaíocht Straitéiseach 7
Cothroime

Lean an Roinn de thacaíocht a thabhairt do bheartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do shochaí atá cothrom agus í iniatach i gcúrsaí sóisialta, go háirithe chun forbairt straitéisí agus freagairtí trasrannacha sa réimse sin a threorú. Baintear é sin amach den chuid is mó trí obair na gCoistí Comh-Aireachta ábhartha, lena n-áirítear na coistí sin um Beartas Sóisialta, Sláinte agus Riaráistí Morgáiste, agus an fócas atá acu ar sheirbhísí a sheachadadh agus ar a chinntiú go n-éiríonn le seirbhísí agus cláir do ghrúpaí atá leochaileach agus i mbaol na torthaí inmhianaithe a bhaint amach.

Ar na forbairtí ba thábhachtaí in 2012 áirítear an Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí a fhoilsiú, leathnú an chuir chuige limistéarbhunaithe i leith bochtaineacht leanaí a chomhrac, reáchtáil an reifrinn chun cearta leanaí a neartú agus obair chun creat rialtais nua a fhorbairt le haghaidh gnímh chun sláinte agus dea-bhail daoine atá ina gcónaí in Éirinn a fheabhsú sa ghlúin atá amach romhainn.

Bunaíodh an Coiste Comh-Aireachta um Riaráistí Morgáiste in 2012 agus bhí cruinnithe aige go minic chun creat a shuíomh le cuidiú le teaghlaigh atá faoi riaráistí morgáiste, lena n-áirítear achtú reachtaíochta Dócmhainneachta Pearsanta, seirbhísí faisnéise agus comhairleachta a bhunú agus acmhainn laistigh de na bainc a fheabhsú.

Chomh maith leis sin comheagraíonn an Roinn ullmhú Chlár Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann agus tuarascálacha gaolmhara ar dhul chun cinn faoi Straitéis Eoraip 2020, ina gcorpraítear tuairisciú ó Airí agus Ranna a bhfuil freagracht orthu as spriocanna agus bearta ina gcuid réimsí faoi seach.

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach sraith tuarascálacha in 2012 maidir le Ardchaighdeán a bhaint amach i nDaonseirbhísí na hÉireann, lena n-áirítear Míchumas, Cúram ag Deireadh Saoil, Cúram Baile do Dhaoine Scothaosta agus Cúram Cónaithe do Dhaoine Scothaosta.

Tosaíocht Straitéiseach 8
Síocháin

Leagtar pleananna amach le haghaidh fhorbairt an chaidrimh idir an Bhreatain agus Éire as seo go ceann deich mbliana sa Chomhráiteas a d'fhoilsigh an Taoiseach agus Príomh-Aire Cameron tar éis an chruinnithe a bhí acu i mí an Mhárta 2012. Is é atá i gceist leis sin rannpháirtíocht dhéthaobhach níos dlúithe a fhorbairt in iliomad réimsí agus é mar chuspóir aici comhar eacnamaíoch agus trádáil agus infheistíocht a mhéadú idir Éire agus an Bhreatain. Ina theannta sin leagtar amach sa ráiteas ár gcomhthiomantas do phróiseas síochána Thuaisceart Éireann agus do chomhar leanúnach níos dlúithe san Eoraip agus ar cheisteanna domhanda.

Maidir leis an bhforéigean a d'eascair as na hagóidí faoi bhratacha a tharla i mBéal Feirste agus ar fud Thuaisceart Éireann i dtreo dheireadh 2012, meabhraíonn sé sin dúinn na dúshláin atá ann i gcónaí i dtaca le athmhuintearas agus comhthuiscint a chur chun cinn feadh na sochaí i dTuaisceart Éireann. Leanann an Taoiseach agus an Rialtas de thacaíocht a thabhairt do na ceannairí polaitiúla i dTuaisceart Éireann ina gcuid oibre chun an seicteachas a chomhrac agus sochaí atá lánpháirtithe go fírinneach a chur chun cinn le haghaidh phobal uile Thuaisceart Éireann.

Leanadh den chlár oibre le haghaidh na síochána leanúnaí agus rathúnais níos mó ar oileán na hÉireann a chur chun cinn trí struchtúir agus forais ábhartha Chomhaontú Aoine an Chéasta. Reáchtáil an Taoiseach Cruinniú Mullaigh Chomhairle na Breataine-na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir, 2012 agus d'fhreastail sé ar dhá chruinniú mullaigh eile i nDún Éideann agus i gCaerdydd. D'fhreastail sé freisin ar dhá chruinniú Iomlánacha den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas in 2012.

Thionscain an Taoiseach sraith cruinnithe le teaghlaigh na n-íospartach ar gach aon taobh den choinbhleacht i dTuaisceart Éireann in 2012. Leanfar den rannpháirtíocht sin leis na híospartaigh in 2013 chun cuidiú le tuiscint an Rialtais ar chásanna oidhreachta a eascraíonn as an gcoinbhleacht. 2012 an chéad uair riamh a d'fhreastail aon Taoiseach ar ócáid Chuimhneacháin Domhnaigh i dTuaisceart Éireann, tráth a bhí sé i láthair ag searmanas

cuimhneacháin agus seirbhís chuimhneacháin in Inis Ceithleann cothrom 25 bliana na buamála.

	Táirgeacht Shealadach 2012
	€000
RIARACHÁN	
Tuarastail, Pá agus Liúntais	11,266
Taisteal agus Cothabháil	333
Oiliúint agus Forbairt agus Caiteachais Theagmhasacha	664
Poist agus Teileachumarsáidí	355
Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF	695
Caiteachais Áitreabh Oifige	390
Seirbhísí Comhairleachta	1
Uachtaránacht an AE	1,351
Iomlán an Riaracháin	**15,055**
SEIRBHÍSÍ EILE	
An Oifig Náisiúnta Eacnamaíochta agus Forbartha Sóisialta (Deontas-i-gCabhair)	2,027
Binse Fiosrúcháin	1,593
Coinbhinsiún Bunreachtúil	216
Reifreann ar Chonradh um Chobhsaíocht an AE	3,471
Ollmhéid Iomlán	**22,362**
Lúide Leithghabhálacha i gCabhair	-881
Glanmhéid Iomlán	**21,481**

(€126.15 iomlán an úis a íocadh in 2012 de bharr íocaíochtaí déanacha)

Soláthar Foirne



*210 daoine (coibhéis lánaimseartha) is ea iad seo atá ag obair sa Roinn lena n-áirítear buanfhoireann, iad siúd atá ar iasacht, ar chonarthaí sealadacha, intéirneachtaí agus socruithe eile